An Roinn Oideachais
Department of Education

# Bí Cineálta

## Treoir le haghaidh Dúnadh Scoileanna ar feadh Leathlae

I gCiorclán 55/2024, déantar foráil gur féidir le scoileanna leas a bhaint as an scoil a dhúnadh ar feadh leathlae i rith scoilbhliain 2024/2025. Leis an scoil a dhúnadh ar feadh laethlae is féidir le baill foirne uile na scoile teacht le chéile chun plé a dhéanamh faoi conas a dhearfaidh tú do pholasaí Bí Cineálta agus é a chur i bhfeidhm a thiocfaidh isteach ag tús scoilbhliain 25/26.

Is fút féin an chaoi a ndéanann tú do rannpháirtíocht sa leathlá seo a struchtúrú.

Tá an treoir seo curtha ar fáil chun tacú leat bheith bainteach le do bhaill foirne scoile maidir le nósanna imeachta Bí Cineálta a chur i bhfeidhm. Is féidir leat rogha a dhéanamh agus úsáid a bhaint as roinnt den ábhar, an t-ábhar uile nó gan úsáid a bhaint as an ábhar atá curtha ar fáil anseo. Tá gach scoil difriúil, agus is tusa is fearr a thuigeann do phobal scoile.

## Acmhainní chun Tacú le Dúnadh Scoileanna ar feadh Leathlae

Treoir chun cuidiú leat fiosrú a dhéanamh faoi na topaicí seo a leanas mar chuid den leathlae:

| **Topaic** | **Cad é atá clúdaithe** | **Acmhainní** |
|---|---|---|
| A: *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* | Réamheolas maidir le Cineáltas agus an tábhacht a bhaineann le *Cineáltas* | Sleamhnáin cur i láthair, físeán agus nótaí san áireamh. |
| B: Cad is Iompraíocht Bhulaíochta ann? | Freagrachtaí na scoileanna le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta agus cásanna – an iompraíocht bhulaíochta atá ann? | Sleamhnáin cur i láthair, nótaí agus cásanna. |
| C: Cosc a chur ar Iompraíocht Bhulaíochta agus ag Dul i nGleic léi | Caibidlí 5 & 6 de na nósanna imeachta. | Sleamhnáin cur i láthair, nótaí |
| D: Comhairliúchán le do Phobal Scoile | Ionchur an phobail scoile in Bí Cineálta Polasaí | Nóta treorach, ceistneoirí samplacha do thuismitheoirí, leanaí agus do dhaoine óga agus do bhaill foirne. |

## Cuid A: Plean Gníomhaíochta Cineáltas ar an mBulaíocht

Réamheolas maidir le Cineáltas agus an Plean Forfheidhmithe

Nótaí le haghaidh na Sleamhnán

### Sleamhnán 1

Sleamhnán Cumhdaigh

### Sleamhnán 2

Cineáltas: Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht i mí na Nollag 2022, agus tá plean forfheidhmithe á reáchtáil ar feadh cúig bliana ó 2023 go 2027.

Is é is Cineáltas ann ár gcur chuige oideachais uile le cosc a chur ar iompraíocht bhulaíochta agus le dul i ngleic léi sna scoileanna.

Tá Cineáltas ag díriú ar chur chuige bunaithe ar chearta leanaí agus cuirtear comhfhís agus plean soiléir ar fáil faoi conas is féidir leis an bpobal uile oideachais obair i gcomhar le chéile chun cosc a chur ar an mbulaíocht agus chun dul i ngleic léi inár scoileanna.

In Cineáltas, cuimsítear gach ceann de na naoi ngné den Chur Chuige Oideachais Uile de chuid EOECNA (UNESCO) chun cosc a chur ar an mbulaíocht agus chun dul i ngleic léi. Tá sé bunaithe ar cheithre eochairphrionsabal: cosc, tacaíocht, maoirseacht agus pobal.

Do leanbh nó do dhuine óg, d’fhéadfadh tráma a bheith ag baint le heispéireas na bulaíochta agus tá sé go hiomlán i gcoinne braistint sábháilte, deiseanna a fháil agus folláine a mbímid ag súil leis go mbraithfidh ár scoláirí nuair a thagann siad ar scoil.

Forbraíodh na nósanna imeachta nua de chuid Bí Cineálta mar cheann amháin den 61 gníomh ar leith atá san áireamh mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Cineáltas ar an mBulaíocht.

### Sleamhnán 3

Cén fáth a bhfuil tábhacht le Cineáltas? Is é seo físeán a foilsíodh den chéad uair nuair a foilsíodh an Plean Gníomhaíochta i mí na Nollag 2022.

## Cuid B: Cad is iompraíocht bhulaíochta ann, agus cad iad na freagrachtaí atá ar scoileanna chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.

Nótaí le haghaidh na Sleamhnán

### Sleamhnán 1

Sleamhnán Cumhdaigh

### Sleamhnán 2

Cur chuige comhpháirtíochta de chuid Bí Cineálta

### Sleamhnán 3

Sainmhíniú suas chun dáta ar iompraíocht bhulaíochta ó *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* (2022*)*

### Sleamhnán 4

Ba chóir go mbeadh an pobal scoile in ann iompraíocht a aithint nach iompraíocht bhulaíochta atá i gceist.

### Sleamhnán 5 & Sleamhnán 6

Iompraíocht Bhulaíochta Lasmuigh den Scoil

Níltear ag súil go ndéanfaidh scoileanna imscrúdú ar eachtraí a tharlaíonn lasmuigh den scoil maidir le hiompraíocht bhulaíochta ná dul i ngleic leo, mar shampla clubanna spóirt nó sósáilta, cóisirí breithlae, nó ar an mbealach chuig an scoil.

Má tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta lasmuigh den scoil agus murar tharla an iompraíocht bhulaíochta sa scoil, ba chóir don scoil tacú leis an scoláire.

Cé go bhféadfadh an chibearbhulaíocht tosú lasmuigh den scoil, go minic leanann sí ar aghaidh sa scoil. Is gá do scoileanna déileáil leis an gcibearbhulaíocht i gcomhréir le nósanna imeachta de chuid Bí Cineálta.

Maidir leis an gcibearbhulaíocht, má sheoltar teachtaireachtaí urchóideacha lasmuigh d’uaireanta scoile, ach má bhreathnaíonn scoláirí orthu agus iad ar scoil, is gá do scoileanna dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.

## Sleamhnán 7

**Plé**

Is féidir leis an ngrúpa plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo tacú le scoláirí. D'fhéadfadh na bealaí féideartha seo a leanas ina bhféadfaí é seo a dhéanamh a bheith san áireamh, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh seo:

- Éisteacht
- Comhbhá a thaispeáint
- An scoláire a chur ar a s(h)uaimhneas
- Iarraidh orthu a chur in iúl má tá an iompraíocht bhulaíochta ag tarlú ar scoil,
- Meicníochtaí iomchuí a cheapadh le "seiceáil isteach",
- Plé a dhéanamh faoi conas is féidir leis an scoláire a chur in iúl dá t(h)uismitheoirí maidir leis an gcás mura bhfuil sé sin déanta aige/aici cheana féin.

## Sleamhnán 8

An iompraíocht bhulaíochta atá ann?

Má fhreagraíonn tú na trí cheist is féidir leis sin cuidiú leat cinneadh a dhéanamh má tharla iompraíocht bhulaíochta.

## Sleamhnán 9

**Gníomhaíocht:**

Déan athbhreithniú ar na cásanna atá curtha ar fáil (Bunscoil/Iar-bhunscoil), nó d'fhéadfá do chinn féin a fhorbairt.

An raibh iompraíocht bhulaíochta anseo?

Is é aidhm na gníomhaíochta seo chun féachaint ar chineálacha éagsúla iompraíocht bhulaíochta agus a thuiscint go mb'fhéidir nach ndéanfar cineálacha iompraíochta áirithe a rangú mar bhulaíocht.

Bunscoileanna

| | | |
|---|---|---|
| Cás A | Ní iompraíocht bhulaíochta atá ann | Easaontas i measc daltaí |
| Cás B | Iompraíocht bhulaíochta | Homafóbach /Fhisiciúil/Ó bhéal |
| Cás C | Iompraíocht bhulaíochta | Faoi mhíchumas/Ó bhéal/Caidrimh |

Iar-Bhunscoileanna

| | | |
|---|---|---|
| Cás A | Iompraíocht bhulaíochta | Chiníoch/Fhisiciúil/Ó bhéal |
| Cás B | Ní iompraíocht bhulaíochta atá ann | Easaontas i measc scoláirí |
| Cás C | Iompraíocht bhulaíochta | Ghnéasaíoch/Cibearbhulaíocht |

## Cuid C: Cosc a Chur ar Iompraíocht Bhulaíochta agus ag Dul i nGleic léi

Nótaí le haghaidh na Sleamhnán

### Sleamhnán 1

Sleamhnán Cumhdaigh

### Sleamhnán 2 & Sleamhnán 3

I gCaibidil 5 de na nósanna imeachta de chuid Bí Cineálta tugtar léargas ar na straitéisí is féidir le scoileanna a úsáid chun cosc a chur ar iompraíocht bhulaíochta. Ba chóir na ceithre réimse maidir le folláine a chur chun cinn a chur san áireamh agus bearta á bhforbairt chun cosc a chur ar iompraíocht bhulaíochta.

I sleamhnán 2 agus i sleamhnán 3 tabhair breac-chuntas ar cad a chuirfeá san áireamh agus do straitéisí féin á bhforbairt agat.

### Sleamhnán 4

Is gá duit straitéisí ar leith a chur san áireamh nuair is iomchuí maidir leis na ceithre réimse atá liostaithe ar an sleamhnán seo i gCuid B de do pholasaí Bí Cineálta.

Ba chóir do gach duine léamh trí leathanaigh 39 go 41 de na nósanna imeachta agus na ceisteanna seo a leanas san áireamh agat:

- Cad atá á dhéanamh againn anois chun cosc a chur ar na cineálacha iompraíocht bhulaíochta seo?
- An bhfuil straitéisí nua ann a d'fhéadfaimis a chur i bhfeidhm?

### Sleamhnán 5

**Plé**

Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar chaibidil 5, ba chóir don ghrúpa plé a dhéanamh ar a bhfreagraí ar na trí cheist ar shleamhnán 5. Ag brath ar líon na mball foirne a fhreastalaíonn d'fhéadfá iad a bhriseadh síos i ngrúpaí níos lú chun tabhairt faoi cheisteanna ar leith.

### Sleamhnán 6

I gCaidibil 6 de na nósanna imeachta de chuid Bí Cineálta, déileáiltear leis an gcaoi inar chóir do scoileanna dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta má agus nuair a thiteann sí amach.

In Bí Cineálta, dírítear ar chur chuige comhpháirtíochta ina bhfuil na scoláirí lena mbaineann, agus a dtuismitheoirí, san áireamh. Áit a dtiteann iompraíocht bhulaíochta amach, tá sé tábhachtach go gcuirtear í in iúl do thuismitheoirí a luaithe agus is féidir, fiú arbh fhearr le scoláirí nach n-inseofá í dóibh.

Is féidir Aguisín C a úsáid mar threoir do mhúinteoirí nuair a thugtar cuntas faoi iompraíocht bhulaíochta.

## Sleamhnán 7

Is gá do scoileanna taifeadadh a dhéanamh i gCuid C dá bpolasaí Bí Cineálta ar na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta, na cuir chuige a ghlacfaidh siad chun iompraíocht bhulaíochta a aithint, agus chun dul i ngleic léi nuair a thiteann sí amach agus cad a dhéanfaidh siad chun tacú leis na leanaí agus na daoine óga lena mbaineann.

**Plé**

Cé a bheidh liostaithe agat mar an múinteoir freagrach i do scoil?

Bunscoil: Múinteoir ranga?

Iar-Bhunscoil – Ball Foirne Tacaíochta do Scoláirí/Ceann Bliana/Leas-Phríomoide?

## Sleamhnán 8

Ba chóir do gach duine leathanaigh 43 go 43 de na nósanna imeachta a léamh agus na ceisteanna seo a leanas san áireamh:

- Conas a théimid i ngleic le heachtraí d’iompraíocht bhulaíochta inár scoil?
- An gá dúinn athrú a dhéanamh ar an gcaoi ina dtéimid i ngleic le heachtraí d’iompraíocht bhulaíochta?

Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar chaibidil 6, ba chóir don ghrúpa plé a dhéanamh ar a bhfreagraí ar na trí cheist ar shleamhnán 8. Ag brath ar líon na mball foirne a fhreastalaíonn d’fhéadfá iad a bhriseadh síos i ngrúpaí níos lú chun tabhairt faoi cheisteanna ar leith.

## Sleamhnán 9

Ní mór gach eachtra d’iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh, agus ba chóir taifeadadh a dhéanamh ar an eolas atá liostaithe ar Shleamhnán 9.

Tá sé tábhachtach go ndéantar taifeadadh ar na gníomhartha atá comhaontaithe ionas gur féidir leis an múinteoir freagrach athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn le gach duine lena mbaineann.

Cuideoidh sé freisin leis an bpríomhoide lena dtuairisc suas chun dáta faoi iompraíocht bhulaíochta a chur i dtoll a chéile don bhord bainistíochta gach mí.

**Plé**

Conas a dhéanann an scoil taifeadadh ar eachtraí d’iompraíocht bhulaíochta faoi láthair?

An mbaineann múinteoirí úsáid as foirm choiteann chun taifeadadh a dhéanamh ar eachraí d’iompraíocht bhulaíochta?

An gá í a leasú chun riachtanais Bí Cineálta a chur san áireamh?

Cad é polasaí na scoile um thaifid a choinneáil?

## Cuid D: Comhairliúchán le do Phobal Scoile

Nótaí le haghaidh na Sleamhnán

### Sleamhnán 1

Sleamhnán Cumhdaigh

### Sleamhnán 2

In Bí Cineálta, tá fócas láidir ar an gcomhpháirtíocht.

Is gCuid 1.4 de na nósanna imeachta, déantar é soiléir nach mór do na baill uile den phobal scoile obair i gcomhar le chéile i gcomhpháirtíocht chun cosc a chur ar iompraíocht bhulaíochta agus chun dul i ngleic léi.

### Sleamhnán 3

Ní mór do scoileanna ionchur a lorg óna bpobal scoile nuair atá a bpolasaí Bí Cineálta á fhorbairt acu.

### Sleamhnán 4

**Plé**

Ba chóir do bhaill foirne an cheist seo a leanas a chur san áireamh agus a phlé.

Cad é an bealach is fearr le guth **bhaill foirne uile na scoile** a chur san áireamh inár bPolasaí Bí Cineálta?

Is smaointe iad na moltaí atá liostaithe ar an sleamhnán seo a d'fhéadfá a chur san áireamh. D'fhéadfadh na baill foirne smaointe eile a mholadh a d'fhéadfá a shocrú go bhfuil siad níos oiriúnaí do do scoil.

### Sleamhnán 5

**Plé**

Ba chóir do bhaill foirne an cheist seo a leanas a chur san áireamh agus a phlé.

Cad é an bealach is fearr le guth na **leanaí agus na ndaoine óga** a chur san áireamh inár bPolasaí Bí Cineálta?

Is smaointe iad na moltaí atá liostaithe ar an sleamhnán seo a d'fhéadfá a chur san áireamh. D'fhéadfadh na baill foirne smaointe eile a mholadh a d'fhéadfá a shocrú go bhfuil siad níos oiriúnaí do do scoil.

## Sleamhnán 6

**Plé**

Ba chóir do bhaill foirne an cheist seo a leanas a chur san áireamh agus a phlé.

Cad é an bealach is fearr le guth na **dtuismitheoirí** a chur san áireamh inár bPolasaí Bí Cineálta?

Is smaointe iad na moltaí atá liostaithe ar an sleamhnán seo a d'fhéadfá a chur san áireamh.

## Ceistneoirí

Tá ceistneoirí samplacha do thuismitheoirí, do dhaltaí bunscoile, do scoláirí iar-bhunscoile agus do bhaill foirne scoile curtha san áireamh. Is féidir leat iad seo a úsáid, nó do cheistneoir nó do shuirbhé féin a fhorbairt.

B'fhéidir go mbeidh d'fhoras pátrúin agus do bhord bainistíochta in ann cuidiú leat le dul i gcomhairle le do phobal scoile maidir leis an bpolasaí de chuid Bí Cineálta.

.